



An Bhruiséil, 15 Samhain 2019
(OR. en)

14038/19

LIMITE

DRS 60
COMPET 732
ECOFIN 989
FISC 434
CODEC 1620

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0107(COD)**

NÓTA

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
An: 13 Samhain 2019
chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Uimh. an doic. 5134/19
roimhe seo:

Uimh. an doic. ón COM(2016) 198 final
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a bheith á nochtadh ag gnóthais agus brainsí áirithe.
- Cur Chuige Ginearálta (féid.)

I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún Eorpach an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an 12 Aibreán 2016. I gcomhthéacs straitéise níos leithne maidir le Córas Cánach Corparáide atá Cothrom agus Éifeachtúil san Aontas, tig leis an ngrinnscrúdú poiblí ar íocaíochtaí cánach muinín an phobail a neartú agus freagracht shóisialta chorparáideach cuideachtaí a neartú. Faoin togra seo, ceanglaítear ar Fhiontair Ilnáisiúnta (MNEanna) an cháin ioncaim a íocann siad mar aon le faisnéis ábhartha eile a nochtadh go poiblí i dtuarascáil ar leith. Beidh ar MNEanna, bíodh a gceanncheathrú san Aontas nó lasmuigh de, le láimhdeachas is mó ná EUR 750m, na ceanglais trédhearcachta bhreise seo a chomhlíonadh. Den chéad uair, beidh na hoibleagáidí tuairiscithe céanna ar chuideachtaí ilnáisiúnta neamh-Eorpacha a dhéanann gnó san Eoraip trína mbrainsí agus a bhíonn ar ghnólachtaí Eorpacha.

Comhlánaíonn an togra na hoibleagáidí tuairiscithe airgeadais reatha atá ar ghnóthais faoi Threoir 2013/34/AE maidir le Cuntasaíocht agus ní chuireann sé isteach ar na ceanglais sin i ndáil lena ráitis airgeadais, mar shampla maidir lena gcuntais bhliantúla a fhoilsiú.

Ní mhodhnaítear leis an togra seo na rialacha atá i bhfeidhm cheana maidir le tuairisciú neamhairgeadais agus CBCR earnálach i gcás earnáil na baincéireachta agus i gcás na dtionscal eastóscach agus lománaíochta araon. Mar sin féin, tugtar isteach clásal díolúine chun an tuairisciú dúbailte a sheachaint i gcás earnáil na baincéireachta, rud atá faoi réir rialacha diana cheana féin maidir le tuairisciú poiblí i reachtaíocht baincéireachta an Aontais. Tá sé i gcomhréir le tuairisciú ECFE maidir le CBAB agus le Treoir (AE) 2016/881 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016 (IO L 146 an 3.6.16, lch. 8).

II. STAID NA hIMEARTHA

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Dhlí na gCuideachtaí an togra ocht n-uaire déag le linn Uachtaránachtaí na hÍsiltíre, na Slóvaice, Mhálta, na hEastóine, na Rómáine agus na Fionlainne. Scrúdaíodh 5134/19 ar an 12 Samhain 2019, ag an gcruinniú is déanaí a bhí ag an Meitheal um Dhlí na gCuideachtaí (Attachés).
3. Tá togra comhréitigh á thíolacadh ag an Uachtaránacht san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta lena formhuiniú ag an gComhairle Iomaíochais ar an 28 Samhain 2019. Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go marcáiltear athruithe ar an téacs, le hais mar atá in 5134/19, le **cló trom agus líne fúthu** agus go marcáiltear nithe a scriosadh le [...].
4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh sa seisiún iomlánach (P8_TA-PROV (2019) 0309) a bhí ar siúl ar an 27 Márta 2019. 58 leasú atá sa tuarascáil.

III. SAINCHEISTEANNA GAN RÉITEACH

Tá dul chun cinn nach beag déanta ó cuireadh tús le mionscrúdú an togra, ach tá dhá shaincheist fós gan réiteach.

5. Airteagal 48c, mír 3a: clásal a chomhlíonadh nó a mhíniú

Is é is aidhm don togra comhréitigh ón Uachtaránacht teacht ar chomhthuisctint agus na hábhair éagsúla inní a chuir na Ballstáit in iúl á gcur san áireamh. Ar thaobh amháin, threoródh an togra comhréitigh na gnóthais chun iad féin a iompar go dícheallach i gcás nach ndéanfaí nochtadh, rud a threiseodh an chuntasacht a ghabhann le nochtadh i gcoitinne. Os a choinne sin, chuirfeadh an togra comhréitigh síneadh sé bliana leis an tréimhse ama le haghaidh neamhnochta ar mhaithe le cothromaíocht a chruthú leis an gcuntasacht athneartaithe. D'fhonn comhréiteach a bhaint amach, moltar an téacs seo a leanas:

- Cuirtear an abairt seo a leanas in Aithris 9a:

"Aithnítear go bhféadfadh nochtadh poiblí sonraí atá le háireamh i dtuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim dochar tromchúiseach a dhéanamh, i gcásanna áirithe, do staid tráchtála gnóthais, toisc go bhféadfadh sé go bhféadfadh iomaitheoirí nach bhfuil faoi réir trédhearcacht den chineál céanna tátail shuntasacha a bhaint as gníomhaíochtaí reatha an ghnóthais sin. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag gnóthais nochtadh faisnéise áirithe a chur siar ar feadh líon teoranta blianta, ar choinníoll go nochtfaidh siad go soiléir an cur siar sin agus go dtabharfaidh siad míniú réasúnaithe ina leith, **maille le bunús an réasúnaithe sin**, sa tuarascáil.

- I mír 3a nua in Airteagal 48c:

Faisnéis a cheanglaítear thairis sin a nochtadh le mír 2 agus le mír 3 den Airteagal seo, féadfar í a fhágáil ar lár i gcás ina ndéanfaidh nochtadh na faisnéise sin dochar tromchúiseach do staid tráchtála na ngnóthas lena mbaineann sí. Nochtfar aon fhágáil ar lár den sórt sin sa tuarascáil mar aon le míniú réasúnaithe maidir leis na cúiseanna atá léi. Déanfar aon fhaisnéis a fhágtar ar lár sa tslí sin a chur ar fáil don phobal i dtuarascáil ina dhiaidh sin maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim laistigh de thréimhse nach faide ná [...] **sé** bliana ón dáta ar fágadh ar lár í den chéad uair. Ní fhéadfar faisnéis a bhaineann leis na dlínsí cánach a liostaítear ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach a fhágáil ar lár choíche.

6. Bunús dlí

Bhí bunús dlí an togra ar cheann de na príomhábhair a pléadh le linn na caibidlíochta. Níltear ar aon fhocal maidir le cé acu comhad tuairiscithe airgeadais nó comhad fioscach é an comhad. D'eisigh Seirbhís Dlí na Comhairle tuairim a deir gurb é Airteagal 115 CFAE is ceart mar bhunús dlí don Treoir (14384/16). Seasann an Coimisiún lena bhfuil ráite aige i.e. gurb é Airteagal 50(1) CFAE is ceart mar bhunús dlí, mar a fhoráiltear sa togra uaidh. Dá mbeifí le bunús dlí an chomhaid a leasú, chaithfeadh vóta d'aon toil a bheith ann sa Chomhairle (Airteagal 293(1) CFAE).

IV. CONCLÚID

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- teacht ar chomhaontú ar bhonn an téacs chomhréitigh ón Uachtaránacht mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo;
- téacs an chur chuige ghinearálta a chur faoi bhráid na Comhairle Iomaíochais ar an 28 Samhain 2019; agus
- a iarraidh ar an gComhairle
 - an comhaontú maidir leis an gcur chuige ginearálta a dheimhniú agus
 - a iarraidh ar an Uachtaránacht tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ar bhonn an chur chuige ghinearálta sin d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a bheith á nochtadh ag gnóthais agus brainsí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹ IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ina theachtaireachtaí dar teideal 'Clár Oibre an Choimisiúin do 2016 – Ní rogha a thuilleadh gnó mar is gnách'² agus 'Clár Oibre an Choimisiúin do 2015 – Tús Nua'³, d'aithin an Coimisiún mar thosaíocht an gá a bhí ann freagairt ar ghlaoch ár sochaí ar chothroime agus ar thrédhearcacht cánach.

- (2) Ar aon uain leis an obair a rinne an Chomhairle chun seachaint cánach corparáide a chomhrac, is gá grinnscrúdú poiblí níos fearr a dhéanamh ar cháin chorparáide atá le híoc ag gnóthais ilnáisiúnta i mbun gníomhaíochtaí san Aontas, ós rud é gur gné riachtanach é sin chun freagracht chorparáideach níos fearr a chothú chun rannchuidiú le leas ár sochaithe, chun díospóireacht phoiblí níos eolaí a chur chun cinn agus chun go gcuirfidh saoránaigh an Aontais iontaoibh athuair i gcothroime na gcóras cánach náisiúnta. Is féidir an grinnscrúdú poiblí sin a bhaint amach trí bhíthin tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim, gan beann ar an áit ina bhfuil máthairghnóthas an ghrúpa ilnáisiúnta bunaithe.

² COM(2015) 610 final an 27 Deireadh Fómhair 2015.

³ COM(2014) 910 final an 16 Nollaig 2014.

- (3) Mar thoradh ar chonclúidí na Comhairle an 22 Bealtaine 2013, tugadh clásal athbhreithnithe isteach i dTreoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ lena gceanglaítear ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí oibleagáid a chur ar ghnóthais mhóra in earnalácha breise tionscail tuarascáil de réir tíre a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ina gcuirfí san áireamh forbairtí san Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus torthaí tionscnamh gaolmhar Eorpach.

⁴ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

(6) Ba cheart don phobal a bheith in ann grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí grúpa i gcás ina bhfuil bunáíochtaí áirithe ag an ngrúpa sin laistigh den Aontas. I gcás grúpaí nach ndéanann gníomhaíochtaí laistigh den Aontas ach amháin trí mheán foghnóthas nó brainsí, ba cheart d'fhoghnóthais agus brainsí oibriúcháin tuarascáil an mháthairghnóthais deiridh a fhoilsiú agus a chur ar fáil a mhéid atá an fhaisnéis a iarradh ar fáil don fhoghnóthas nó don bhrairse. Mura bhfuil an fhaisnéis a iarradh ar fáil, ba cheart don fhoghnóthas nó don bhrairse míniú a thabhairt sa tuarascáil ar na cúiseanna leis an easnamh sin. Ar chúiseanna a bhaineann le comhréireacht agus le héifeachtacht, áfach, ba cheart go mbeadh an oibleagáid chun an tuarascáil a fhoilsiú agus a chur ar fáil teoranta d'fhoghnóthais mheánmhéide nó d'fhoghnóthais mhóra atá bunaithe san Aontas, nó do bhrairse ar mhéid inchomparáide arna n-oscailt i mBallstát. Ba cheart, dá bhrí sin, raon feidhme Threoir 2013/34/AE a leathnú dá réir sin chuig brainsí arna n-oscailt ag gnóthas i mBallstát, agus atá fós ag oibriú i mBallstát, ar gnóthas é atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil foirm dhlíthiúil aige atá inchomparáide leis na cineálacha gnóthas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/34/AE.

(6a) Ba cheart do ghrúpaí ilnáisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, do ghnóthais neamhspleácha áirithe, tuarascáil a sholáthar don phobal maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim nuair a théann siad thar mhéid áirithe thar thréimhse den dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile, ag brath ar ioncam comhdhlúite an ghrúpa nó ar ioncam an ghnóthais saorsheasaimh. I bhfianaise réimse leathan na gcreataí tuairiscithe airgeadais lena bhféadfaidh ráitis airgeadais comhlíonadh, chun raon feidhme an chur i bhfeidhm a chinneadh, ba cheart ioncam den sórt sin a shainiú mar ghlanláimhdeachas do ghnóthais a rialaítear le dlí Ballstáit agus de réir chreat náisiúnta tuairiscithe airgeadais Ballstáit. Le hAirteagal 43(2)(c) de Threoir 86/635/CEE agus Airteagal 66(2) de Threoir 91/674/CEE, soláthraítear sainmhínte maidir le glanláimhdeachas institiúide creidmheasa nó gnóthais árachais a chinneadh, faoi seach. I gcás gnóthais eile, ba cheart an t-ioncam a mheasúnú i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais ar ar a bhonn a ullmhaítear na ráitis airgeadais sin. Ba cheart a thabhairt ar aird go bhfuil sainmhíniú difriúil ar "ioncam" chun críocha ábhar na tuarascála.

- (6b) Ag an am céanna, cuirtear i bhfios go láidir, faoi mar atá curtha in iúl ag G20 agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), gur chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí ardleibhéil maidir le praghsáil aistrithe a chuideoidh tuarascálacha de réir tíre, agus chuige sin amháin. Ní fianaise dhochlóite í an fhaisnéis aisti féin atá sa tuarascáil de réir tíre go bhfuil nó nach bhfuil praghsanna aistrithe iomchuí agus níor cheart an fhaisnéis sin a úsáid in ionad anailís mhionsonraithe ar phraghsáil aistrithe idirbheart aonair agus ar phraghsanna atá bunaithe ar anailís fheidhmiúil iomlán agus ar anailís inchomparáideachta.
- (7) Maidir le máthairghnóthais deiridh agus gnóthais saorsheasaimh atá faoi réir Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ agus a chuir ina dtuarascáil arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 89 de Threoir 2013/36/AE a ngníomhaíochtaí ar fad agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí uile a ngnóthas cleamhnaithe a cuireadh san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach bhfuil faoi réir fhorálacha Chaibidil 2 de Theideal 1 de Chuid 3 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, ba cheart na gnóthais sin a dhíolmhú ó na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach sa Treoir seo.

⁵ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

- (8) Sa tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim, ba cheart faisnéis a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí uile na ngnóthas cleamhnaithe uile de chuid grúpa arna chomhdhlúthú ag máthairghnóthas deiridh nó, ag brath ar na himthosca, maidir le gníomhaíochtaí uile gnóthais saorsheasaimh. Ba cheart an fhaisnéis sin a theorannú don mhéid a bhfuil gá leis chun grinnscrúdú poiblí éifeachtach a chumasú, chun a áirithiú nach n-eascróidh rioscaí nó míbhuntáistí díréireacha do ghnóthais as an nochtadh. Ar an gcúis sin, is liosta uileghabhálach é liosta na faisnéise is gá. Ba cheart an tuarascáil a chur ar fáil laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe. I dtaca leis an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim, níor cheart feidhm a bheith ag aon tréimhsí níos giorra chun ráitis airgeadais a fhoilsiú. Ní dhéanann forálacha Chaibidil 10a den Treoir seo difear do na forálacha maidir le ráitis airgeadais bhliantúla agus ráitis airgeadais chomhdhlúite.
- (8a) Le linn do ghnóthais tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a ullmhú i gcomhréir leis an Treoir seo, ba cheart iad a bheith i dteideal, chun an t-ualach riaracháin a sheachaint, an fhaisnéis a ullmhú ar bhonn na sonraíochtaí tuairiscithe a leagtar síos in Iarscríbhinn III, Roinn III, cuid B agus cuid C de Threoir 2011/16/AE ón gComhairle, arna leasú. Ar an gcúis sin, ba cheart a shonrú sa tuarascáil an creat tuairiscithe a úsáideadh. Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh tuairisc fhoriomlán a bheith sa tuarascáil ina dtugtar mínithe i gcás ina mbeadh neamhréireanna ábhartha ann ar leibhéal an ghrúpa idir méideanna na cánach fabhráithe agus méideanna na cánach íoctha, lena gcuirtear san áireamh méideanna comhfhreagracha a bhaineann le blianta airgeadais roimhe sin.
- (9) Chun leibhéal faisnéise a áirithiú a chuireann ar chumas saoránach measúnú níos fearr a dhéanamh ar ranníocaíocht gnóthas ilnáisiúnta don leas sóisialach i ngach Ballstát, ba cheart an fhaisnéis sin a mhiondealú de réir Ballstáit. Thairis sin, ba cheart ardleibhéal sonraí a bheith ann freisin san fhaisnéis a bhaineann le hoibríochtaí fiontraithe ilnáisiúnta maidir le dlínsí cánach áirithe tríú tír a bhfuil dúshláin ar leith ag baint leo. I gcás na n-oibríochtaí tríú tír eile go léir, ba cheart an fhaisnéis a thabhairt mar uimhir chomhiomlán, ach amháin más mian leis an ngnóthas faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil.

- (9a) Aithnítear go bhféadfadh nochtadh poiblí sonraí atá le háireamh i dtuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim dochar tromchúiseach a dhéanamh, i gcásanna áirithe, do staid tráchtála ghnóthais, toisc go bhfágfadh sé go bhféadfadh iomaitheoirí nach bhfuil faoi réir trédhearcacht den chineál céanna tátail shuntasacha a bhaint as gníomhaíochtaí reatha an ghnóthais sin. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag gnóthais nochtadh faisnéise áirithe a chur siar ar feadh líon teoranta blianta, ar choinníoll go nochtfaidh siad go soiléir an cur siar sin agus go dtabharfaidh siad míniú réasúnaithe ina leith, **maille le bunús an réasúnaithe sin**, sa tuarascáil.

Le léamh in éineacht le hAirteagal 48c (3a).

- (10) Chun freagracht i leith tríú páirtithe a neartú agus chun rialachas iomchuí a áirithiú, ba cheart comhfhreagracht a bheith ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an mháthairghnóthais deiridh nó na ngnóthas saorsheasaimh atá bunaithe laistigh den Aontas agus ar a bhfuil an oibleagáid tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil, ba cheart comhfhreagracht a bheith orthu maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe sin. Ós rud é go bhféadfadh sé gur faisnéis theoranta a bheadh ag comhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta na bhfoghnóthas atá bunaithe laistigh den Aontas agus atá faoi rialú ag máthairghnóthas deiridh atá bunaithe lasmuigh den Aontas, nó ós rud é go bhféadfadh sé gur faisnéis theoranta a bheadh ag an duine nó ag na daoine ar a bhfuil sé de chúram foirmiúlachtaí nochtaithe an bhrainse a dhéanamh, nó ós rud é go bhféadfadh sé gur faisnéis theoranta a bheadh acu ar ábhar na tuarascála maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim arna hullmhú ag an máthairghnóthas deiridh nó ós rud é gur cumas theoranta a bheadh acu teacht ar an bhfaisnéis nó ar an tuarascáil sin, ba cheart teorainn a bheith leis an bhfreagracht atá orthu an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a fhoilsiú agus a chur ar fáil. I gcás nach gcuirfear an fhaisnéis nó an tuarascáil sin ar fáil, ba cheart do na foghnóthais ráiteas a fhoilsiú agus a chur ar fáil maidir leis an gcúis nárbh fhéidir an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a fhoilsiú agus a chur ar fáil.

- (11) Chun feasacht an phobail maidir le raon feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe agus a gcomhlíonadh a áirithiú, d'fhéadfadh na Ballstáit a cheangal ar iniúchóir reachtúil nó iniúchóirí reachtúla nó ar ghnólacht iniúchóireachta nó gnólachtaí iniúchóireachta a chur in iúl an bhfuil ceangal ar ghnóthas tuarascáil a tharraingt suas maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim.
- (12) Féachtar sa Treoir seo le trédhearcacht agus le grinnscrúdú poiblí maidir le cáin chorparáide a mhéadú trí fheabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil atá anois ann i dtaca leis na hoibleagáidí a chuirtear ar chuideachtaí agus ar ghnólachtaí i ndáil le tuarascálacha a fhoilsiú, chun leasanna na gcomhlachtaí agus leasanna daoine eile a chosaint, de réir bhrí Airteagal 50(2)(g) CFAE. Mar a dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais i gcás C-97/96 *Verband deutscher Daihatsu-Händler*⁷, déantar tagairt in Airteagal 50(2)(g) CFAE don ghá atá le leas "daoine eile" a chosaint go ginearálta, gan catagóirí a thagann faoi réim raon feidhme an téarma sin a shainiú nó a eisiamh. Thairis sin, an cuspóir chun an tsaoirse bhunaíochta a bhaint amach, a shanntar do na hInstitiúidí i dtéarmaí an-leathan le hAirteagal 50(1) CFAE, ní féidir é a theorannú le forálacha Airteagal 50(2) CFAE. Ós rud é gur le hoibleagáidí chun tuarascálacha maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a fhoilsiú amháin a bhaineann an Treoir seo agus toisc nach mbaineann sí le comhchuibhiú cánach, is é Airteagal 50(1) CFAE an bonn dlíthiúil iomchuí.

⁷ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 4 Nollaig 1997 C-97/96 *Verband deutscher Daihatsu-Händler* ECLI:EU:C:1997:581

- (12a) Chun feidhmiú iomlán an mhargaidh inmheánaigh agus cothroime iomaíochta idir an tAontas Eorpach agus fiontair ilnáisiúnta tríú tíortha a áirithiú, ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag iniúchadh na bhféidearthachtaí maidir le cothroime agus trédhearcacht cánach a mhéadú.
- (14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a héifeachta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(15) Sa Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar léi na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(16) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁸, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(17) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2013/34/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2013/34/AE

Leasaítear Treoir 2013/34/AE mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

'1a. Beidh feidhm ag na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 48a go 48e agus 51 maidir le forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát i

⁸ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

dtaca le brainsí arna n-oscailt agus atá fós á rith i mBallstát ag gnóthas nach rialaítear faoi dhlí Ballstáit ach ar gnóthas é d'fhoirm dhlíthiúil atá inchoimparáide leis na cineálacha gnóthas a liostaítear in Iarscríbhinn I. Beidh feidhm ag Airteagal 2 maidir leis na brainsí sin a mhéid is infheidhme Airteagail 48a go 48e agus 51 maidir leis na brainsí sin';

(2) cuirtear isteach Caibidil 10a seo a leanas:

'Caibidil 10a

Tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim

Airteagal 48a

Sainmhínithe maidir le tuairisciú ar fhaisnéis faoi cháin ioncaim

1. Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (1) ciallaíonn 'máthairghnóthas deiridh' gnóthas a tharraingíonn suas ráitis airgeadais chomhdhlúite an ghrúpa gnóthas is mó;
 - (2) ciallaíonn 'ráitis airgeadais chomhdhlúite' na ráitis airgeadais arna n-ullmhú ag máthairghnóthas grúpa, ar grúpa é a chuireann na sócmhainní, na dliteanais, an cothromas, an t-ioncam agus na caiteachais i láthair amhail is gur den aon eintiteas eacnamaíoch amháin iad;
 - (3) ciallaíonn 'dlínse chánach' dlínse stáit chomh maith le dlínse neamhstáit a bhfuil neamhspleáchas fioscach aige maidir le cáin ioncaim chorparáide;
 - (4) ciallaíonn 'gnóthas saorsheasaimh' gnóthas nach bhfuil ina chuid d'aon ghrúpa de réir bhrí mhír 11 d'Airteagal 2.

2. Chun críocha Airteagal 48b, beidh feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

tá an chiall chéanna le 'ioncam' agus atá le:

- (1) an 'glanláimhdeachas' a bhíonn ag gnóthais arna rialú ag dlí Ballstáit, agus nach gcuireann i bhfeidhm caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta arna nglacadh ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, nó
- (2) an 't-ioncam' arna shainmhíniú ag an gcreat tuairiscithe airgeadais, nó de réir bhrí an chreata sin, ar ar a bhonn a ullmhaítear ráitis airgeadais, i gcás gnóthais eile.

Airteagal 48b

Gnóthais agus brainsí a bhfuil ceangal orthu tuairisciú ar fhaisnéis faoi cháin ioncaim

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar mháthairghnóthais deiridh arna rialú ag a ndlíthe náisiúnta – a sháraigh ar a gclár comhardaithe, le linn an dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile, ioncam comhdhlúite iomlán de EUR 750 000 000 (mar a léirítear ina ráitis airgeadais chomhdhlúite) – tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a tharraingt suas, a fhoilsiú, agus a chur ar fáil a mhéid a bhaineann leis an dara bliain den dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile.

Ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthais arna rialú ag a ndlíthe náisiúnta ar gnóthais saorsheasaimh iad – a sháraigh ar a gclár comhardaithe, le linn an dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile, ioncam comhdhlúite iomlán de EUR 750 000 000 (mar a léirítear ina ráitis airgeadais chomhdhlúite) – tuarascáil a ullmhú, a fhoilsiú, agus a chur ar fáil ar an bhfaisnéis faoi cháin ioncaim a bhaineann leis an dara bliain den dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile.

- 1a. Ní chuirfidh na Ballstáit na rialacha a leagtar amach i mír 1 i bhfeidhm ar ghnóthais saorsheasaimh, ná ar mháthairghnóthais deiridh gona ngnóthais chleamhnaithe i gcás nach mbíonn láithreach dhlíthiúil nó áit sheasta ghnó nó buanghníomhaíocht ghnó ag na gnóthais sin, lena n-áirítear a mbrainsí, ach laistigh de chríoch aon Bhallstáit amháin agus ní in aon dlínse chánach eile.

2. Ní chuirfidh na Ballstáit na rialacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo i bhfeidhm ar ghnóthais saorsheasaimh ná ar mháthairghnóthais deiridh i gcás ina nochtann na gnóthais sin nó a ngnóthais chleamhnaithe tuarascáil i gcomhréir le hAirteagal 89 de Threoir 2013/36/AE agus go gcuimsítear, sa tuarascáil sin, faisnéis maidir lena ngníomhaíochtaí uile agus le gníomhaíochtaí na ngnóthas cleamhnaithe ar fad dá gcuid a áirítear i ráiteas airgeadais comhdhlúite na máthairghnóthas deiridh sin.

3. Ceanglóidh na Ballstáit ar na foghnóthais mheánmhéide agus mhóra dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus (4) arna rialú ag a ndlíthe náisiúnta agus ag máthairghnóthas deiridh, a sháraigh, ar dháta a chláir chomhardaithe, ioncam comhdhlúite iomlán de EUR 750 000 000 (mar a léirítear ina ráitis airgeadais chomhdhlúite) agus nach bhfuil á rialú ag dlí Ballstáit, tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim an mháthairghnóthais deiridh sin a fhoilsiú agus a chur ar fáil a mhéid a bhaineann leis an dara bliain den dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile, a mhéid go bhfuil an fhaisnéis nó an tuarascáil sin ar fáil don foghnóthas sin. Nuair nach mbeidh an fhaisnéis ná an tuarascáil sin ar fáil, iarrfaidh an foghnóthas ar a mháthairghnóthas deiridh nach bhfuil á rialú le dlí Ballstáit an fhaisnéis uile a chur ar fáil dó is gá chun gur féidir leis a oibleagáid a chomhlíonadh.

I gcás nach gcuirtear an fhaisnéis nó an tuarascáil sin ar fáil, déanfaidh na foghnóthais ráiteas a fhoilsiú agus a chur ar fáil maidir leis an gcúis nárbh fhéidir an tuarascáil ar fhaisnéis faoi cháin ioncaim a fhoilsiú agus a chur ar fáil go hinrochtana.

- 3a. Má sháraíonn foghnóthas, a raibh sé de cheangal air ráiteas dá dtagraítear i mír 3, fomhír 2, a fhoilsiú, an tairseach a leagtar amach i mír 1 do gach aon cheann den dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile, déanfaidh sé a thuarascáil féin maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil maidir leis an bhfaisnéis ar cháin ioncaim a mhéid a bhaineann leis an dara bliain den dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile mar a fhoráiltear faoi mhír 1 agus faoi mhír 1a.

4. Ceanglóidh na Ballstáit ar bhraintí a osclaítear ar a gcríoch agus atá fós á n-oibriú ag gnóthas nach rialaítear le dlí Ballstáit tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim an mháthairghnóthais deiridh nó an ghnóthais saorsheasaimh dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a mhéid a bhaineann leis an mbliain is déanaí den dá bhliain airgeadais as a chéile a fhoilsiú agus a chur ar fáil, a mhéid go bhfuil an fhaisnéis nó an tuarascáil sin ar fáil don duine nó do na daoine a ainmnítear chun na foirmiúlachtaí maidir le nochtadh dá dtagraítear in Airteagal 48e(2) a dhéanamh. Nuair nach mbeidh an fhaisnéis nó an tuarascáil sin ar fáil, iarrfaidh an duine nó na daoine sin ar an máthairghnóthas deiridh nach rialaítear le dlí Ballstáit nó ar an ggnóthas saorsheasaimh dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. I gcás nach gcuirtear an fhaisnéis nó an tuarascáil sin ar fáil, déanfaidh na brainsí ráiteas a fhoilsiú agus a chur ar fáil maidir leis an gcúis nárbh fhéidir an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a fhoilsiú agus a chur ar fáil.

Ní chuirfidh na Ballstáit an chéad fhomhír den mhír seo i bhfeidhm ar bhraintí nár sháraigh tairseach an ghlanláimhdeachais, a shainítear i ndlí gach Ballstáit de bhun Airteagal 3(2), i gcás gach ceann, ar a laghad, den dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile.

Ní chuirfidh na Ballstáit na rialacha a leagtar amach sa mhír seo i bhfeidhm ar bhraintí ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

- (a) an gnóthas sin a d'oscail an brainse agus a oibríonn an brainse fós, is gnóthas cleamhnaithe de chuid grúpa é nach bhfuil a mháthairghnóthas deiridh faoi rialú ag dlí Ballstáit agus a sháraigh, ar dháta a chlár chomhardaithe, ioncam comhdhlúite iomlán de EUR 750 000 000 le linn an dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile (mar a léirítear ina ráitis airgeadais chomhdhlúite) nó is gnóthas é nach gnóthas cleamhnaithe, a sháraigh ar dháta a chlár chomhardaithe ioncam comhdhlúite iomlán de EUR 750 000 000 don dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile (mar a léirítear ina ráitis airgeadais chomhdhlúite); agus

(b) níl foghnóthas meánmhéide nó foghnóthas mór dá dtagraítear i mír 3 ag an máthairghnóthas deiridh dá dtagraítear i bpointe (a).

6. Ní chuirfidh na Ballstáit na rialacha a leagtar amach i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal seo i bhfeidhm i gcás tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a tharraingítear suas i gcomhréir le hAirteagal 48c agus:

(a) a chuirtear ar fáil

(i) don phobal ar shuíomh gréasáin an mháthairghnóthais deiridh nach rialaítear le dlí Ballstáit nó an ghnóthais saorsheasaimh nach rialaítear le dlí Ballstáit;

(ii) i gceann amháin, ar a laghad, de theangacha oifigiúla an Aontais;

(iii) laistigh de 12 mhí tar éis dháta chlár comhardaithe na bliana airgeadais dá dtarraingítear suas an tuarascáil; agus

(b) ina n-aithnítear ainm agus oifig chláraithe foghnóthais aonair nó ainm agus seoladh brainse aonair arna rialú ag dlí Ballstáit a d'fhoilsigh tuarascáil i gcomhréir le hAirteagal 48d(1).

7. Gan dochar do mhír 1a den Airteagal seo, féadfaidh Ballstáit a cheangal ar fhochuideachtaí agus ar bhraintí a rialaítear le dlí an Bhallstáit sin agus atá á rialú ag máthairghnóthas deiridh amháin tuarascáil ar fhaisnéis maidir le cáin ioncaim a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil i gcás inar mó ná EUR 750 000 000 an t-ioncam, mar a léirítear ina ráitis airgeadais, le haghaidh gach aon cheann den dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile agus i gcás nach ndearnadh aon tuarascáil ar fhaisnéis maidir le cáin ioncaim a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil de réir mar a cheanglaítear leis an Airteagal seo.

Airteagal 48c

Ábhar na tuarascála maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim

1. Beidh sa tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí uile an ghnóthais saorsheasaimh nó an mháthairghnóthais deiridh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí na ngnóthas cleamhnaithe uile atá comhdhlúite sa ráiteas airgeadais i dtaca leis an mbliain airgeadais ábhartha.

2. Mar seo a leanas a thabharfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1:
 - (-a) ainm an mháthairghnóthais deiridh nó an ghnóthais saorsheasaimh deiridh, an bhliain airgeadais lena mbaineann, agus an t-airgeadra a úsáidtear;
 - (a) tuairisc ghearr ar chineál na ngníomhaíochtaí;
 - (b) líon na bhfostaithe, líon is ionann agus meánlíon na bhfostaithe le linn na bliana airgeadais;
 - (c) an t-ioncam, arb ionann é agus:
 - (i) suim an ghlanláimhdeachais, an ioncaim oibriúcháin eile, an ioncaim ó leasanna rannpháirteacha, lúide díbhinní a fuarthas ó ghnóthais chleamhnaithe, ioncam ó infheistíochtaí eile agus iasachtaí is cuid de na sócmhainní dochta, ús eile is infhaighte agus ioncam dá samhail mar a liostaítear in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann leis an Treoir seo, nó
 - (ii) an t-ioncam arna shainmhíniú ag an gcreat tuairiscithe airgeadais, nó de réir bhrí an chreata sin, ar ar a bhonn a ullmhaítear ráitis airgeadais, lúide coigeartuithe luacha agus díbhinní a fuarthas ó ghnóthais chleamhnaithe;

- (d) méid an bhrabúis nó an chaillteanais sula n-íoctar cáin ioncaim;
- (e) méid na cánach ioncaim a fabhraíodh le linn na bliana airgeadais ábhartha arb é an caiteachas cánach reatha é arna aithint ag gnóthais agus ag brainsí sa dlínse chánach ábhartha ar bhrabúis nó ar chaillteanais is incháinithe don bhliain airgeadais;
- (f) méid na cánach ioncaim a íocadh ina airgead tirim arb é an méid cánach ioncaim é a d'íoc gnóthais agus brainsí le linn na bliana airgeadais ábhartha sa dlínse chánach ábhartha; agus
- (g) líon na dtuilleamh carntha ag deireadh na bliana ábhartha airgeadais.

Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír, áireofar leis an ioncam idirbhearta a rinneadh le páirtithe gaolmhara.

Chun críocha phointe (e) den chéad fhomhír, ní bhainfidh an costas cánach reatha ach le gníomhaíochtaí gnóthais sa bhliain airgeadais reatha agus ní chuirfear cánacha iarchurtha ná forálacha do dhliteanais chánach neamhchinnte san áireamh sa chostas cánach sin.

Chun críocha phointe (f) den chéad fhomhír, áireofar sna cánacha a íoctar cánacha siarchoinneálacha a íocann gnóthais eile i leith íocaíochtaí le gnóthais agus brainsí laistigh de ghrúpa.

Chun críocha phointe (g) den chéad fhomhír, ciallóidh an tuilleamh carntha suim na mbrabús a bhí ann sna blianta airgeadais a caitheadh agus don bhliain airgeadais ábhartha nach ndearnadh aon chinneadh maidir lena ndáileadh. Maidir le brainsí, déanfaidh an gnóthas a d'oscail an brainse, agus atá fós ina bhun, an tuilleamh carntha a thuairisciú.

- 2a. Ceadóidh na Ballstáit don fhaisnéis a liostaítear i mír 2 freagairt do na sonraíochtaí tuairiscithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, Roinn III, Cuid B agus Cuid C de Threoir 2011/16/AE.
3. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 nó 2a i láthair sa tuarascáil de réir na mBallstát, ina gceann agus ina gceann. I gcás ina gcuimseoidh Ballstát roinnt dlínsí cánach, déanfar an fhaisnéis a chur le chéile ar leibhéal an Bhallstáit.

Sa tuarascáil cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 nó 2a den Airteagal seo i láthair ar leithligh do gach dlínse chánach a liostaítear, ag deireadh na bliana cánach roimhe sin, ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach⁹ mura ndaingnítear go sainráite sa tuarascáil, faoi réir na freagrachta dá dtagraítear in Airteagal 48e thíos, nach ngabhann gnóthais chleamhnaithe aon ghrúpa faoi rialú dhlíthe na dlínse cánach sin d'idirbhearta díreacha le haon ghnóthas cleamhnaithe den ghrúpa céanna atá faoi rialú dhlí aon Bhallstáit.

⁹ Liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach — Tuarascáil ón Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) ina moltar leasuithe ar Iarscríbhinní na gconclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig 2017, lena n-áirítear dí-liostú dlínse amháin, IO C 403, 9.11.2018, lch. 4–6.

Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 nó 2a ar fáil sa tuarascáil ar bhonn comhiomlán do dhlínsí cánach eile.

Déanfar an fhaisnéis a shannadh do gach dlínse chánach ábhartha ar bhonn láithreach dhlíthiúil, áit sheasta ghnó nó buanghníomhaíocht ghnó a bheith ann, a d'fhéadfadh a bheith, ag eascairt as gníomhaíochtaí an ghrúpa nó an ghnóthais saorsheasaimh, faoi réir cáin ioncaim sa dlínse chánach sin.

I gcás ina bhféadfadh gníomhaíochtaí de chuid roinnt gnóthas cleamhnaithe a bheith faoi réir cáin ioncaim laistigh de dhlínse chánach amháin, is éard a bheidh san fhaisnéis a bhaineann leis an dlínse chánach sin iomlán na faisnéise a bhaineann le gníomhaíochtaí gach gnóthais chleamhnaithe gona mbrainsí sa dlínse chánach sin.

Ní dhéanfar faisnéis faoi aon gníomhaíocht ar leith a shannadh do níos mó ná dlínse chánach amháin an tráth céanna.

3a. Faisnéis a cheanglaítear thairis sin a nochtadh le mír 2 agus le mír 3 den Airteagal seo, féadfar í a fhágáil ar lár i gcás ina ndéanfaidh nochtadh na faisnéise sin dochar tromchúiseach do staid tráchtála na ngnóthas lena mbaineann sí. Noctfar aon fhágáil ar lár den sórt sin sa tuarascáil mar aon le míniú réasúnaithe maidir leis na cúiseanna atá léi.

Déanfar aon fhaisnéis a fhágtar ar lár sa tslí sin a chur ar fáil don phobal i dtuarascáil ina dhiaidh sin maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim laistigh de thréimhse nach faide ná [...] sé bliana ón dáta ar fágadh ar lár í den chéad uair.

Ní fhéadfar faisnéis a bhaineann leis na dlínsí cánach a liostaítear ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach a fhágáil ar lár choíche.

4. Sa tuarascáil, féadfar tuairisc fhoriomlán a áireamh, i gcás inarb infheidhme ar leibhéal an ghrúpa, ina dtugtar mínithe ar aon neamhréitigh ábhartha idir na méideanna arna nochtadh de bhun phointe (e) agus phointe (f) de mhír 2, más ann dóibh, ag cur san áireamh más iomchuí méideanna comhfhreagracha a bhaineann le blianta airgeadais roimhe sin.

6. Is é an t-airgeadra a úsáidfeadh sa tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim an t-airgeadra ina dtugtar ráitis chomhdhlúite airgeadais an mháthairghnóthais deiridh nó ráitis bhliantúla airgeadais an ghnóthais saorsheasaimh. Ní éileoidh na Ballstáit go bhfoilseofar an tuarascáil seo in airgeadra eile seachas an t-airgeadra a úsáidtear sna ráitis airgeadais.

Sa chás a luaitear sa dara fómhír d'Airteagal 48b(3a), áfach, foilseoidh an foghnóthas an tuarascáil san airgeadra ina bhfoilseoidh sé a ráitis airgeadais bhliantúla.

7. I gcás nár ghlac Ballstát an euro, féadfar an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 48b(1) a chomhshó san airgeadra náisiúnta. Ní mór, agus an comhshó sin á dhéanamh, an ráta malairte a chur i bhfeidhm mar atá amhail an *[Oifig na bhFoilseachán – socraigh an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]* foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ní fhéadfar é a mhéadú nó a laghdú ach méid nach mó ná 5 % chun uimhir shlán a thabhairt sna hairgeadraí náisiúnta.

Déanfar na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 48b(3) agus (4) a chomhshó go méid coibhéiseach in airgeadra náisiúnta aon tríú tír ábhartha tríd an ráta malairte a chur i bhfeidhm mar atá sé ag *[Oifig na bhFoilseachán – socraigh an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]*, arna shlánú go dtí an míle is gaire.

8. Sonrófar sa tuarascáil cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh í i gcomhréir le mír 2 nó le mír 2a den Airteagal seo.

Foilsiú agus Inrochtaineacht

1. Foilseofar an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim, nó an ráiteas atá luaite in Airteagal 48b, laistigh de 12 mhí tar éis dháta chlár comhardaithe na bliana airgeadais dá dtarraingítear suas an tuarascáil mar a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le Caibidil 2 de Threoir 2009/101/CE agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 89/666/CEE ón gComhairle.
 - 1a. Cuirfear an tuarascáil nó an ráiteas a fhoilseofar i gcomhréir le mír 1 ar fáil don phobal laistigh de 12 mhí tar éis dháta chlár comhardaithe na bliana airgeadais dá dtarraingítear suas an tuarascáil:
 - (a) ar shuíomh gréasáin an ghnóthais nuair a bheidh feidhm le hAirteagal 48b(1), nó
 - (b) ar shuíomh gréasáin an fhoghnóthais nó ar shuíomh gréasáin gnóthais chleamhnaithe nuair a bheidh feidhm le hAirteagal 48b(3a), nó
 - (c) ar shuíomh gréasáin an bhrainse nó ar shuíomh gréasáin an ghnóthais a d'oscail an brainse nó ar shuíomh gréasáin gnóthais chleamhnaithe nuair a bheidh feidhm le hAirteagal 48b(4).
 - 1b. Féadfaidh na Ballstáit gnóthais a dhíolmhú ó na rialacha a leagtar amach i mír 1a den Airteagal seo a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfear an tuarascáil a fhoilseofar i gcomhréir le mír 1 ar fáil don phobal an tráth céanna ar shuíomh gréasáin an chláir dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2009/101/CE, saor in aisce d'aon tríú páirtí atá lonnaithe laistigh den Aontas. Beidh faisnéis faoin díolúine agus tagairt do shuíomh gréasáin an chláir ábhartha ar shuíomh gréasáin na ngnóthas agus na mbrainsí dá dtagraítear i mír 1a.
2. Beidh teacht ar an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 48b(1), (3), (4) agus (6) ar an suíomh gréasáin ábhartha ar feadh cúig bliana as a chéile ar a laghad.

Airteagal 48e

Freagracht i dtaca leis an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil

1. Déanfaidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh faoin dlí náisiúnta, a áirithiú go bhfuil ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an mháthairghnóthais deiridh nó na ngnóthas saorsheasaimh dá dtagraítear in Airteagal 48b(1), nó an fhoghnóthais ar mó ná EUR 750 000 000 a chaiteachas comhdhlúite iomlán i ngach ceann den dá bhliain dheireanacha as a chéile dá dtagraítear in Airteagal 48b(3a), go bhfuil orthu an chomhfhreagracht chun a áirithiú go ndéanfar an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil don phobal i gcomhréir le hAirteagail 48b, 48c agus 48d.
2. Déanfaidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh faoin dlí náisiúnta, a áirithiú go bhfuil ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta na bhfoghnóthas dá dtagraítear in Airteagal 48b(3) den Treoir seo agus ar an duine nó ar na daoine ainmnithe chun na foirmiúlachtaí nochtaithe dá bhforáiltear in Airteagal 13 de Threoir 89/666/CEE a dhéanamh don bhrainse dá dtagraítear in Airteagal 48b(4) den Treoir seo, go bhfuil orthu an chomhfhreagracht chun a áirithiú, chomh fada agus is eol dóibh agus chomh maith agus is féidir leo, go ndéanfar an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 48c, agus go ndéanfar í a fhoilsiú agus a chur ar fáil don phobal i gcomhréir le hAirteagal 48d.

Ráiteas ón iniúchóir reachtúil

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal, i gcás ina gceanglófar go ndéanfar ráitis airgeadais gnóthais a rialaítear le dlí Ballstáit a iniúchadh ag iniúchóir reachtúil amháin nó níos mó nó ag gnólacht iniúchóireachta amháin nó níos mó, go ndéarfadh na hiniúcháirí reachtúla nó na gnólachtaí iniúchóireachta sa tuarascáil iniúchóireachta cibé acu an gceanglaítear nó nach gceanglaítear ar an ngnóthas tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 48b.

Airteagal 48h

An dáta tosaithe do thuairisciú maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim

Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh feidhm ag na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin lena dtrasúitear

Airteagail 48a go 48f, ar a dhéanaí, ó dháta thús na chéad bhliana airgeadais ag tosú an *[Oifig na bhFoilseachán – socraigh an dáta = bliain amháin tar éis an sprioc-ama don trasuí]* nó ina dhiaidh sin.

Airteagal 48i

Tuarascáil

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i dtoll a chéile maidir le comhlíonadh agus le tionchar na gceanglas tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagail 48a go 48f. Measúnófar sa tuarascáil cibé acu an ngineann nó nach ngineann an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim torthaí iomchuí agus comhréireacha, ag cur san áireamh an gá le leibhéal trédhearcachta leordhóthanach a áirithiú agus an gá atá le timpeallacht iomaíoch le haghaidh gnóthas.

Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi *[Oifig na bhFoilseachán – socraigh an dáta = cúig bliana tar éis dháta trasuite na Treorach seo]*!

(3) Leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 1(2), in Airteagal 3(13) agus in Airteagal 46(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 54.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2), Airteagal 3(13) agus in Airteagal 46(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.'

(b) Cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

'3a. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹⁰.'

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1(2), Airteagal 3(13) agus Airteagal 46(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.'

¹⁰ IO L 123, lch. 1.

Airteagal 2

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin *[Oifig na bhFoilseachán – socraigh an dáta = dhá bhliain tar éis a teacht i bhfeidhm]* ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán